



20th September 2023

To: JCSP Coordinator

Re: JCSP updates

Dear JCSP Coordinator

We hope you and your colleagues are refreshed as we start this new academic year.

Oide is a new Department of Education support service for schools, formed from the integration of four existing support services, the Centre for School Leadership, Junior Cycle for Teachers, the National Induction Programme for Teachers and the Professional Development Service for Teachers.

Along with bringing together all the valuable resources, expertise, and efficient operating systems currently in place across the existing services, Oide will also be able to deploy other innovative and creative approaches to the provision of school support, and professional learning for teachers and school leaders, to meet the future needs of Ireland's primary, post-primary and special schools, and other centres for education.

Oide would like to inform you of the Junior Certificate School Programme (JCSP) professional development supports for the year along with a number of relevant updates.

Autumn 2023 Programme of Professional Development

Oide's programme of customised school support and applications system is now open for 2023/2024 at this link [Schools - Oide](#). Your Principal can apply for up to three areas of support using the school roll number and password.

Autumn CPD 2023

This term will see a blended approach to delivering CPD – Online Workshops for those new to JCSP while Seminars for [DEIS Action Planning Seminars](#) and Existing Coordinators will be delivered face to face. The full calendar is [here](#). You can register online for these CPD events at this link [Teachers - Oide](#).

New Co-ordinators and Principals please register with JCSP

Congratulations on your new position!

As part of your role within the school and JCSP, you will need accounts created on the website www.jcsp.ie and the JCSP resource ordering website



<https://orders.pnpaq.com/>. You are requested to register with the JCSP office. We ask that you read and complete this form [2023/2024 Register for JCSP services](#).

GDPR – Register with JCSP

All JCSP Coordinators, Principals and JCSP Librarians are requested to register for JCSP services each academic year which can be done so by completing this form [2023/2024 Register for JCSP services](#).

Programme Updates

We would be grateful if you could bring the following updates and resources to the attention of your colleagues. Further information on these and other areas will be provided to you throughout the year.

Collaborative Profiling excel sheet

A copy of the "JCSP COLLABORATIVE PROFILING 2023-2024 excel sheet" can be downloaded from the homepage of www.jcsp.ie. It is offered as an approach to assist Coordinators in collecting JCSP student data within their school. Initially, you will need to download it, save it to your school platform before sharing it with teachers in your school. Each sheet will be a complete record for an academic year containing three tabs, one each for 1st, 2nd and 3rd year. Subject to Coordinator feedback and any amendments to be made, a new sheet issues each.

School Based Statements

Teachers may decide to write their own school-based statements. If so, these statements must be submitted for approval to the JCSP office by email to Dorota Ruszczak, Profiling Administrator at dorota.ruszczak@oide.ie. Submissions should be made at least a term in advance of issuing the Final Student Profile.

These statements must be in line with Junior Cycle, reflect a learning outcome approach and a continuum of learning with a focus on learner progression.

Previously approved school based statements have been archived in the school year 2022/2023 and can't be used with 1st year students. Should you wish to continue using these statements with your current 2nd and 3rd years, please contact Dorota Ruszczak, Profiling Administrator by email at dorota.ruszczak@oide.ie.

Statement Visual Guide

An updated visual guide for each subject is available [here](#).



Initiatives

Completed initiatives should be evaluated by the 29th of September next. If you wish to carry over initiatives to this current academic year, please email jcspresources@oide.ie with details of the same. You will receive confirmation by return. A separate email will be sent in the next few days with details of 2023/2024 Initiatives.

Free Membership of the Oide JCSP Library Project Digital Library

Membership of the JCSP Library Project Digital Library is free for all JCSP and pre-2022 DEIS schools.

Existing member schools have received an updated set of Digital Library logins which includes a set of logins for incoming 1st Year students.

Non-member schools should register at this link: <https://jcsplibraries.com/jcsp-digital-library/> following which you will be provided with details on how to complete the registration process.

The library contains over 11,000 unique e-book and e-audiobook titles (with multiple copies of many of these bringing the overall total to over 55,000 titles) together with a selection of over 580 Digital Magazine titles which have been added to the library since 2022. Membership has increased to over 100,000 individual students and 9,000 staff from over 230 schools. As new titles are being added on a continuous basis, all schools are encouraged to avail of this fantastic free library service.

New Resources

A number of new resources are available to order:

- Email and letterwriting booklet
- Peer and Self-Assessment Book

JCSP Competition: Define the future

We are delighted to announce details of the latest JCSP student competition – “Define the future” which are available [here](#). The entry template is available to download on the homepage of www.jcsp.ie.

Ordering Resources – 4 orders per year without mailing/delivery costs

Orders are placed through this website: <https://orders.pnpag.com/Login.aspx> by the JCSP Coordinator (login and password required).

There is no charge for JCSP resources for JCSP students. Four orders will be provided to schools during the 2023/2024 academic year (in addition to the ordering



of initiative materials) at no cost. However, additional orders will incur a delivery cost of €30.

Circulars

The current Circulars governing the Programme are:

- [Circular cl0002/2023](#): 'Staffing arrangements in Voluntary Secondary Schools for the 2022/2023 school year'
- [Circular cl00003/2023](#): 'Staffing arrangements in Community and Comprehensive Schools for the 2022/2023 school year'
- [Circular cl0004/2023](#): 'Staffing arrangements in Education and Training Boards for the 2022/2023 school year'

In the above circulars, for allocations please read page 6, point 1.7 and for coordination time, page 8, point 1.17 which also references the current circular on [Posts of Responsibility Circular 0003/2018](#).

- The capitation grant details: [Circular 0052/2020](#)

Update of school records

We would be much obliged if you would complete the [Update of School Records Form](#) detailing JCSP student numbers and how JCSP is organised in your school.

Flagging 2024 Dates

- Profiling - The profiling round for 2024 will open on the 10th of January 2024. All final profiles must be received to the JCSP Office by the 18th of April 2024. No student profiling folders will be available before the 1st of May 2024.
- Make a Book – will run in February and March 2024. Applications will be accepted in the new year.

We look forward to supporting you and working with you and wish you, your staff and school community the very best for a fruitful year ahead.

Yours sincerely

Oide JCSP Team: Lisa Kelly, Senior Leader, Siobhán Daly and Brigid Murray, Professional Learning Leaders. Senior Librarian: Kathleen Moran. Administrators: Elaine Flynn, Jill Byrne, Dorota Ruszczak.

This email has been sent to all registered JCSP contacts (Principal, JCSP Coordinator, JCSP Librarian). A copy of this email is available to view on www.jcsp.ie



20ú Meán Fómhair 2023

F/ch. Comhordaitheoir TSCS

Maidir le: Nuashonruithe TSCS

A chara

Tá súil againn go bhfuil tú féin agus do chomhghleacaithe lán brí arís agus sibh ag cur tús leis an mbliain acadúil nua seo.

Is seirbhís tacaíochta nua de chuid na Roinne Oideachais do scoileanna í Oide, a bunaíodh ó chomhtháthú ceithre sheirbhís tacaíochta reatha, an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).

Chomh maith leis na hacmhainní luachmhara, an saineolas agus na córais oibriúcháin éifeachtúla go léir atá i bhfeidhm faoi láthair ar fud na seirbhísí reatha a thabhairt le chéile, beidh Oide in ann cuir chuige nuálacha agus chruthaitheacha eile a úsáid maidir le tacaíocht scoile agus foghlaim ghairmiúil a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, chun freastal ar na riachtanais amach anseo a bheas ag bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, scoileanna speisialta, agus lárionaid oideachais eile na hÉireann.

Ba mhaith le Oide tú a chur ar an eolas faoi thacaí forbairt ghairmiúil Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (TSCS) don bhliain mar aon le roinnt nuashonruithe ábhartha.

Clár Eispéiris Foghlama Ghairmiúla an Fhómhair 2023

Tá clár chóras saincheaptha tacaíochta agus iarratais scoile Oide oscailte anois do 2023/2024 ag an nasc seo [Scoileanna - Oide](#). Is féidir le do phríomhoide tacaíocht a lorg ach uimhir rolla agus pasfhocal na scoile a úsáid.

FGL an Fhómhair 2023

Feicfead an téarma seo cur chuige cumaiscthe i bhfeidhm maidir le Ceardlanna FGL ar Líne a sholáthar dóibh siúd atá nua don TSCS, agus [Seimineáir Phleanála Gníomhaíochta DEIS](#). Déanfar Seimineáir na gComhordaitheoirí Reatha a sheachadadh ar bhonn duine le duine. Tá an féilire iomlán [anseo](#). Is féidir clárú ar líne le haghaidh na n-imeachtaí FGL seo ag an nasc seo [Múinteoirí - Oide](#).

Comhordaitheoirí agus Príomhoidí nua cláraigí le TSCS

Comhghairdeas as do phost nua!



Mar chuid de do ról laistigh den scoil agus de TSCS, beidh cuntais ag teastáil uait a chruthófar ar an láithreán gréasáin www.jcsp.ie agus ar shuíomh gréasáin ordaithe acmhainní TSCS <https://orders.pnpaq.com/>. Iarrtar ort clárú le hoifig TSCS. Iarraimid ort an fhoirm seo a léamh agus a chomhlánú [2023/2024 Cláraigh le haghaidh seirbhísí TSCS](#).

RGCS – Cláraigh le TSCS

Iarrtar ar gach Comhordaitheoir TSCS, Príomhoidí agus Leabharlannaí TSCS clárú le haghaidh seirbhísí TSCS gach bliain acadúil agus is féidir é sin a dhéanamh tríd an bhfoirm seo a chomhlánú [2023/2024 Cláraigh le haghaidh seirbhísí TSCS](#).

Nuashonruithe cláir

Bheimis buíoch díot dá bhféadfá aird do chomhghleacaithe a tharraingt ar an eolas is déanaí seo agus ar na hacmhainní seo a leanas. Cuirfear tuilleadh eolas faoi na réimsí seo agus faoi réimsí eile ar fáil duit i rith na bliana.

Bileog Excel Próifiliú Comhoibríoch

Is féidir cóip de "Bhileog Excel um PRÓIFÍLIÚ COMHOIBRÍOCH TSCS 2023-2024" a íoslódáil ó leathanach baile www.jcsp.ie. Cuirtear ar fáil í mar chur chuige chun cabhrú le Comhordaitheoirí sonraí scoláirí TSCS a bhailiú laistigh dá scoil. Ar dtús, beidh ort í a íoslódáil, í a shábháil ar d'ardán scoile sula roinnfidh tú í le múinteoirí i do scoil. Beidh gach bileog ina taifead iomlán do bhliain acadúil ina mbeidh trí chluaisín, ceann amháin do gach bliain: 1ú, 2ú agus 3ú bliain.

Ráitis Scoilbhunaithe

Is féidir le múinteoirí cinneadh ar a ráitis scoilbhunaithe féin a scríobh. Más mar sin é, ní mór na ráitis sin a chur faoi bhráid na hoifige TSCS lena gceadú trí ríomhphost chuig Dorota Ruszczak, Riarthóir Próifílithe ag dorota.ruszczak@oide.ie. Ba chóir aighneachtaí a dhéanamh téarma ar a laghad sula n-eisítear Próifíl Deiridh an Scoláire.

Caithfidh na ráitis seo a bheith ag teacht leis an tSraith Shóisearach, cur chuige foghlama agus contanam foghlama a léiriú maille le béim ar dhul chun cinn an fhoghlaiméora.

Tá ráitis scoilbhunaithe a ceadaíodh roimhe seo curtha i gcartlann sa scoilbhliain 2022/2023 agus ní féidir iad a úsáid le scoláirí na chéad bhliana. Más mian leat leanúint ar aghaidh ag úsáid na ráiteas sin leis an 2ú agus 3ú bliain reatha, téigh i dteagmháil le Dorota Ruszczak, Riarthóir Próifílithe trí ríomhphost ag dorota.ruszczak@oide.ie.



Treoir Amhairc an Ráitis

Tá treoir amhairc nuashonraithe do gach ábhar ar fáil [anseo](#).

Tionscnaimh

Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh chríochnaithe faoin 29 Meán Fómhair 2023. Más mian leat tionscnaimh a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain acadúil reatha seo, seol ríomhphost chuig jcsresources@oide.ie le sonraí faoi sin. Gheobhaidh tú deimhniú trí ríomhphost ar ais. Seolfar ríomhphost ar leith sna laethanta amach romhainn le sonraí faoi thionscnaimh 2023/2024.

Ballraíocht saor in aisce ar Thionscadal Leabharlainne TSCS Oide: Leabharlann Dhigiteach

Tá ballraíocht i dTionscadal Leabharlainne TSCS, Leabharlann Dhigiteach, saor in aisce do gach scoil TSCS agus do gach scoil DEIS réamh-2022.

Tá sraith nuashonraithe de logálacha isteach sa Leabharlann Dhigiteach faighte ag na ballscoileanna reatha, lena n-áirítear sraith logálacha isteach do scoláirí na Chéad Bhliana atá ag teacht isteach.

Ba chóir do scoileanna nach baill iad clárú ag an nasc seo: <https://jcsplibraries.com/jcsp-digital-library/> agus cuirfear sonraí ar fáil duit ina dhiaidh sin ar an gcaoi chun an próiseas clárúcháin a chur i gcrích.

Tá os cionn 11,000 teideal uathúil r-leabhair agus r-chlosleabhair sa leabharlann (le cóipeanna iomadúla dá lán díobh seo a fhágann go bhfuil os cionn 55,000 teideal ann san iomlán) mar aon le rogha de chorradh le 580 teideal Iris Dhigiteach a cuireadh leis an leabharlann ó 2022. Tá méadú tagtha ar an mballraíocht go dtí os cionn 100,000 scoláire aonair agus 9,000 ball foirne ó bhreis agus 230 scoil. De réir mar a bhíonn teidil nua á gcur leis ar bhonn leanúnach, moltar do gach scoil leas a bhaint as an tseirbhís leabharlainne iontach seo atá saor in aisce.

Acmhainní Nua

Tá roinnt acmhainní nua ar fáil le hordú:

- Leabhrán scríofa ríomhphoist agus litreacha
- Leabhar Piarmheasúnaithe agus Féinmheasúnaithe

Acmhainní a Ordú – 4 ordú in aghaidh na bliana gan costais phoist/seachadta

Cuirtear orduithe tríd an suíomh gréasáin seo: <https://orders.pnpaq.com/Login.aspx> ag an gComhordaitheoir TSCS (logáil isteach agus pasfhocal ag teastáil).

Ní ghearrtar aon táille ar acmhainní TSCS do scoláirí TSCS. Cuirfear ceithre ordú ar fáil do scoileanna le linn na bliana acadúla 2023/2024 (chomh maith le horduithe



d'ábhair tionscnaimh) gan aon chostas. Beidh costas seachadta €30 ar aon orduithe breise, áfach.

Ciorcláin

Is iad seo a leanas na Ciorcláin reatha lena rialaítear an Clár:

- [Imlitir CL0002/2023](#): 'Socruithe foirne i Meánscoileanna Deonacha don scoilbhliain 2022/2023'
- [Imlitir CL0003/2023](#): 'Socruithe foirne i Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha don scoilbhliain 2022/2023'
- [Imlitir CL0004/2023](#): 'Socruithe foirne i mBord Oideachais agus Oiliúna don scoilbhliain 2022/2023'

Sna ciorcláin thuas, le haghaidh leithdháiltí, léigh leathanach 6, pointe 1.7 agus le haghaidh am comhordúcháin, leathanach 8, pointe 1.17 ina ndéantar tagairt freisin don chiorclán reatha maidir le Poist Freagrachta, [Ciorclán 0003/2018](#)

- Sonraí an deontais chaipitíochta: [Ciorclán 0052/2020](#)

Nuashonrú ar thaifid scoile

Bheimis go mór faoi chomaoin agat dá gcomhlánófa [an Fhoirm um Nuashonrú ar Thaifid Scoile](#) ina sonraítear líon na scoláirí TSCS agus an chaoi a n-eagraítear TSCS i do scoil.

Dátaí tábhachtacha atá ag teacht in 2024

- Próifíliú - Osclófar an babhta próifílithe do 2024 ar an 10 Eanáir 2024. Ní mór gach próifíl deiridh a bheith in Oifig TSCS faoin 18 Aibreán 2024. Ní bheidh aon fhilleáin phróifílithe scoláirí ar fáil roimh an 1 Bealtaine 2024.
- Déan Leabhar – beidh sé ar siúl i mí Feabhra agus Márta 2024. Glacfar le hiarratais san athbhliain.

Táimid ag súil go mór le cabhrú leat agus le bheith ag obair leat agus guímid gach rath ortsa, ar d'fhoireann agus ar phobal na scoile go mbeidh rath agus bláth oraibh sa bhliain atá amach romhainn.

Is muidne le meas.

Foireann TSCS Oide:

Lisa Kelly, Ceannaire Sinsearach. Siobhán Daly agus Brigid Murray, Ceannairí Foghlama Gairmiúla. Kathleen Moran, Leabharlannaí Sinsearach. Elaine Flynn, Jill Byrne, Dorota Ruszczak, Riarthóirí.

Seoladh an ríomhphost seo chuig gach teagmhálaí cláraithe TSCS (Príomhoide, Comhordaitheoir TSCS, Leabharlannaí TSCS). Tá cóip den ríomhphost seo ar www.jcsp.ie

Oifig an Stúirthóra Bainistíochta, BOOLM, Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan, A91 C7D8.

Managing Director's Office, LMETB, Chapel Street, Dundalk, A91 C7D8.

Info@oide.ie

www.oide.ie